

[12\\_01.mp3](#)

**Bileog 12.1**

- An rúnaí: Dia duit, An Bord Pleanála.  
Cliant: Dia is Muire duit. Ba mhaith liom coinne a dhéanamh leis an Uasal Ó Dúill.  
An rúnaí: Cinnte, beidh sé saor tráthnóna Dé hAoine. An mbeidh a cúig ceart go leor?  
Cliant: Tá brón orm ach nílim saor mé féin Dé hAoine. Cad faoi Dhéardaoin?  
An rúnaí: Déardaoin, fan go bhfeice mé! Ceart go leor, tá sé saor ag a haon déag maidin Déardaoin. An mbeidh sé sin ceart go leor?  
Cliant: Beidh sé sin go breá, go raibh maith agat.

[12\\_02.mp3](#)

**Bileog 12.2**

Comhrá 1

- An rachaimid chuig an trá tráthnóna? Tá an aimsir go haoibhinn.
- Cén fáth nach rachaimis? Ní minic a bhíonn an ghrian ag taitneamh mar atá.
- Go hiontach! Baileoidh mise tú - beidh mé ag d'árasán ag a seacht a chlog.

Comhrá 2

- An rachaimid go dtí an bhialann Spáinneach úr i lár na cathrach ar an Aoine? Bíonn *na tapas* chomh blasta san áit.
- Tá a fhios agam an áit ceart go leor - cén t-am ar mhaith leat dul?
- Sin an fhadhb, tá mise ag obair go dtí a naoi a chlog, an bhfuil sé sin rómhall?
- Tá ar an drochuair - tá mé ag obair ar a sé ar maidin agus bím i mo leaba ar leathuair tar éis a naoi de ghnáth.

Comhrá 3

- Fuair mé dhá thicéad saor in aisce do Leonard Cohen, an rachaimid ann?
- Leonard Cohen, ní chreidim! Cén oíche agus cén t-am?
- Tá an ticéad atá agam d'oíche Dé Sathairn agus tá an cheolchoirm ag tosú ar a hocht a chlog.
- Dé Sathairn, á, oíche ar bith eile ach oíche Dé Sathairn! Ó is mór an trua é sin, ach tá mo dheirfiúr is óige ag teacht ar cuairt chugam agus ní féidir liom í a fhágáil léi féin.

Comhrá 4

- An rachaimid go dtí taispeántas ealaíne atá ag oscailt anocht i ndánlann de hÍde?
- Chuala mé faoi sin. Ba bhreá liom dul leat. An anocht atá an oscailt ar siúl?
- Is ea, ar a seacht a chlog - an bhfeicfidh mé ann tú?
- Feicfidh.

[12\\_05.mp3](#)

**Bileog 12.5**

Comhrá 1

- Hi a Sheáin, ní bheidh mé ag an gcruinniú sin amárach mar go bhfuil mo mháthair tinn. Caithfidh mé dul go dtí an t-ospidéal léi.
- Is trua liom é sin.

Comhrá 2

- Tá brón orm ach ní bheidh mé ag an lón amárach de bharr go bhfuil mé róthinn.
- Ní maith liom do scéal.
- 

Comhrá 3

- Tá seans maith go mbeidh mé cúpla nóiméad déanach anocht mar gheall ar mo sheanmháthair - tá sí breoite le fada.
- Tá brón orm é sin a chloisteáil.

